Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2023
(OR. en)

16514/23
PV CONS 67
COMPET 1243
IND 677
MI 1101
RECH 547
ESPACE 92

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

7 agus 8 Nollaig 2023

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 7 NOLLAIG 2023**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16211/23.

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS TIONSCLAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**2. Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)** ❶C 16056/23 + ADD 1-4

*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é. Tá ráitis ón Ostair, ón nGearmáin, ón Iodáil agus ráiteas comhpháirteach ón mBulgáir, ón gCróit, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón bhFrainc, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**3. Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar Mhargadh an Aontais** ❶C 16052/23

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite iad.

**4. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 16213/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

5. **(a) Tograí reachtacha reatha** ❶C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialachán maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla** 7568/23 + ADD 1

**(ii) Rialachán maidir le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach** 14741/22

**(iii) Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE** 7854/22 + ADD 1

**(iv) Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán** 16258/22

**(v) Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaí**

**(a) Treoir maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú)** 15400/22 + ADD 1

**(b) Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail** 15390/22 + ADD 1

**(vi) Comhaid reachtacha eile**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b) Teachtaireacht maidir leis an Spás Riaracháin Eorpach a Fheabhsú** 2 15313/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

**(c) Cur chun feidhme na Tairsí Aonair Digití** 2 16038/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

(d) **Ullmhacht d'fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha** 16171/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

(e) **Ualaí riaracháin a laghdú do chuideachtaí i dtréimhsí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo** 15612/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Danmhairge ar fáil.

(f) **Tionscnamh comhpháirteach maidir le maorlathas a laghdú** 16236/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fraince agus na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Fraince agus na Gearmáine ar fáil.

(g) **Teacht i bhfeidhm Chúirt Aontaithe na bPaitinní** 15774/2/23 REV 2
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire, na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire, na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Sualainne.

(h) Tuarascáil 2023 ó Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide chuig an gComhairle Iomaíochais 15791/23
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

(i) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

**<u>CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 8 NOLLAIG 2023</u>**

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

<u>TAIGHDE</u>

**6. Conclúidí maidir le tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta i gceapadh beartas** 15118/23 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é. Tá ráiteas ón <u>Ungáir</u> i gceangal leis na miontuairiscí seo.

**7. Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip** C (*) 15391/23 + ADD 1-2
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 182(5) agus Airteagal 292, an chéad abairt agus an dara habairt, CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é. Tá ráiteas ón <u>Ungáir</u> i gceangal leis na miontuairiscí seo.

**8. Luachshocrú taighde mar uirlis le haghaidh téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch** 15116/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> bunaithe ar cheisteanna mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite iad.

<u>AN SPÁS</u>

**9. Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Bainistiú an spástráchta: staid na himeartha'** 15231/23
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é.

10. Beartas an Aontais amach anseo maidir leis an spás i ndomhan atá ag athrú 15405/23
*Seisiún tuairimíochta*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

<u>Taighde</u>

11. **(a) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Cinneadh lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach** ❶C 11198/23 11206/23 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b) Imeachtaí agus gníomhaíochtaí le linn Uachtaránacht na Spáinne** 2 15578/1/23 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(c) Faireachán LET 2023: Athbhreithniú 18 mí ar chur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET ('Tuarascáil ar leibhéal an Aontais')** 2 15685/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

**(d) Dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus gníomhaíochtaí measúnaithe taighde** 2 15690/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

**(e) Ardábhair le haghaidh ceannaireacht thionsclaíoch** 2 15691/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún.

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

An Spás

**(g) Imeachtaí agus gníomhaíochtaí le linn Uachtaránacht na Spáinne** [2] 15617/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(h) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

---

❶ An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 16211/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Measann an Ostair gur cloch mhíle thábhachtach é an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun dlús a chur leis an aistriú glas, chun an t-iomaíochas a neartú agus chun cuspóir comhchoiteann na hEorpa maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Tacaímid le cuspóir an togra seo le haghaidh Rialacháin chun dlús a chur le forbairt agus leathnú na hacmhainneachta táirgeachta, go háirithe i gcás fuinneamh in-athnuaite san Aontas.

Ní féidir leis an Ostair, áfach, tacú le claochlú atá bunaithe ar theicneolaíocht núicléach, agus ní thacóidh riamh, agus, ina theannta sin, a chuireann an teicneolaíocht núicléach chun cinn a thuilleadh agus a dhíríonn ar an teicneolaíocht sin mar theicneolaíocht don todhchaí. Níl an teicneolaíocht núicléach inbhuanaithe ná costéifeachtach ná sábháilte. Is oth leis an Ostair, dá bhrí sin, cuimsiú agus comhionannas na teicneolaíochta núicléiche sa dréachtchur chuige ginearálta maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (Airteagail 3a agus 3b) agus tá súil aici go n-athrófar sin sa chaibidlíocht leis an bParlaimint.

A mhéid a bhaineann le Caibidil III maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$, tugann an Ostair dá haire go bhfuil toirmeasc náisiúnta ar stóráil $CO_2$ (an tAcht Cónaidhme maidir le Stóráil Gheolaíoch na Dé-ocsaíde Carbóin a Thoirmeasc) i bhfeidhm faoi láthair, agus go bhfuil meastóireacht á déanamh air. Sa chomhthéacs sin, ní mór a chur san áireamh nach gcuirtear Treoir 2009/31/CE chun feidhme san Ostair. I gcás ar bith, níor cheart go mbeadh míbhuntáiste san iomaíocht ann mar thoradh ar raon feidhme na bhforálacha agus na gcuspóirí a leagtar amach i gCaibidil III do ghnóthais sna Ballstáit sin ina bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena dtoirmisctear stóráil $CO_2$ i bhfeidhm. Táimid i bhfabhar freisin síneadh réigiúnach a chur le limistéar incháilitheachta LEE maidir leis an oibleagáid stórála $CO_2$.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Léiríonn na dúshláin atá ann faoi láthair do thionscal an Aontais a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach chun iomaíochas ár dtionscal a neartú.

I bhfianaise an mhéid sin, tá sé ríthábhachtach go gcruthófar uirlis éifeachtúil éifeachtach leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun borradh a chur faoi theicneolaíochtaí claochlaithe san Aontas sa tréimhse reachtach Eorpach reatha. Tugann sé sin na comharthaí cearta chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas, chun iomaíochas agus aeráidneodracht an Aontais Eorpaigh a neartú.

Dá bhrí sin, tá an Ghearmáin i bhfabhar an sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a eisiúint ar bhonn an téacs chomhréitigh reatha, agus tá sé léirithe aici go bhfuil sí ábalta agus toilteanach comhréiteach a dhéanamh ar go leor leibhéal.

Anuas ar na saincheisteanna substainteacha atá le plé inniu, feictear don Ghearmáin freisin go bhfuil gá le tuilleadh feabhais i gcomhthéacs na caibidlíochta a bheidh ann leis an bParlaimint:

- Agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha straitéiseacha á sainiú againn [in Airteagail 3a agus 3b], tá sé ríthábhachtach dúinn go bhfreastalóidh na teicneolaíochtaí go díreach ar an aistriú glas. Ní mheasaimid go ndéanann na teicneolaíochtaí núicléacha a luaitear sa téacs é sin.

  Sa chomhthéacs sin, measann an Rialtas Cónaidhme go bhfuil na soiléirithe in Airteagal 3b(2) agus (3), is é sin go bhfuil na rialacha gan dochar do rialacha cistiúcháin an Aontais atá ann cheana ná do cheannasacht fuinnimh na mBallstát, go bhfuil na soiléirithe sin ríthábhachtach. Ar an gcaoi chéanna, is díol sásaimh don Ghearmáin go gcaomhnaítear leis an soiléiriú in Airteagal 10(5) ceannasacht fuinnimh na mBallstát freisin i gcomhthéacs na dtionscadal straitéiseach glan-nialasach.

- Dar leis an Rialtas Cónaidhme, ba cheart an méadú ar acmhainneachtaí táirgeachta na dteicneolaíochtaí dá dtagraítear sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a bheith bunaithe ar phróiseas aeráidneodrach táirgthe le haghaidh táirgí réamhtheachtacha freisin. Dá bhrí sin, iarrann an Ghearmáin go n-áireofaí próisis thionsclaíocha chlaochlaitheacha i raon feidhme na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha [in Airteagal 3(1), pointe (ae)]. Dar linne, tá an leathnú atá beartaithe ar an raon feidhme comhsheasmhach le hAirteagal 114 CFAE freisin.

- Ó thaobh an bheartais thionsclaíoch agus na slándála eacnamaíche de, go ginearálta, d’fhéadfadh cur i bhfeidhm critéar cáilíochtúil a bheith ina thoisc ríthábhachtach chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht an gheilleagair a bhaint amach. Mar sin féin, ní mór dúinn a bheith an-chúramach chun a áirithiú nach ndéanfar leathnú an fhuinnimh in-athnuaite níos costasaí ná nach gcuirfear moill air, agus nach dtabharfar isteach aon ualaí maorlathacha.

- Dar leis an Rialtas Cónaidhme, tá an tairseach le haghaidh na ndifríochtaí i gcostais [in Airteagal 19(6)], a d’fhéadfadh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a mheas a bheith díréireach, fós ró-ard. Iarrann an Ghearmáin go ndéanfaí iad sin a laghdú go suntasach.

  In Airteagal 20, b’fhearr linn go mór dá mbeadh cur chuige deonach ann. Thairis sin, is tosca ríthábhachtacha iad na luachanna is ísle is féidir maidir leis an tairseach le haghaidh na ndifríochtaí i gcostais [in Airteagal 20(3)] agus le haghaidh na méideanna ceantála [in Airteagal 20(4)] don chinnteoireacht sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair. Táimid i gcoinne aon mhéadú breise ar luachanna an chur chuige ghinearálta.

- Dar leis an Rialtas Cónaidhme, tá gá freisin le hathruithe i gCaibidil V, Feabhas a chur ar scileanna le haghaidh poist ardcháilíochta a chruthú. Níor cheart tuilleadh maorlathais a bheith mar thoradh ar athbhreithniú teibí na gclár foghlama [atá in Airteagal 24]. Ní mór a áirithiú go leanfar d’aitheantas a thabhairt ar bhonn cás ar chás. Tá dearcadh cáinteach ag an Rialtas Cónaidhme freisin maidir le próifílí gairmeacha Eorpacha a fhorbairt [faoi Airteagal 25(5)], ag tagairt do na teorainneacha a leagtar síos in Airteagail 166 agus 165 CFAE.

- Dar leis an Rialtas Cónaidhme, tá raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe [faoi Airteagal 31] ró-ard i gcónaí, rud a fhágann go bhfuil maorlathas breise ann agus, ar an gcaoi sin, go mbaintear an bonn den luathú atá le baint amach leis an Rialachán. Dá bhrí sin, coinníonn an Rialtas Cónaidhme a sheasamh nár cheart ualach breise a bheith ar na Ballstáit ná ar an bpobal gnó mar thoradh ar na ceanglais tuairiscithe.

I bhfianaise na caibidlíochta atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa, tá súil againn go mbreithneofar na gnéithe sin go cúramach agus go gcuirfear san áireamh iad sa chaibidlíocht sin.’

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Is díol sásaimh don Iodáil an togra le haghaidh Rialacháin, lena ngníomhaítear ar chuid de na luamháin straitéiseacha chun timpeallacht fhabhrach a chruthú d'infheistíocht in earnálacha straitéiseacha, agus é mar chuspóir bonn tionsclaíoch láidir a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha.

Glacfaidh an Iodáil páirt chomhleanúnach agus go freagrach sna chéad chéimeanna eile den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa (ag súil go nglacfar an Rialachán go pras) agus, chuige sin, ba mhaith léi aird a tharraingt ar na gnéithe a mheasaimid a bheith ina dtosaíochtaí chun teacht ar théacs críochnaitheach a chomhlíonann ceanglais an aistrithe ghlais agus an tionscail inbhuanaithe ina n-iomláine:

**I. Tacaíocht airgeadais**

Tá cistí tiomnaithe nach féidir leo a bheith ina gcistí náisiúnta amháin de dhíth ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Dá bhrí sin, molann an Iodáil tagairt shainráite a thabhairt isteach don Ardán nua um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, chun a shoiléiriú go bhfuil tacaíocht láidir Eorpach ann i dtéarmaí airgeadais freisin.

**II. Raon feidhme**

Tacaíonn an Iodáil le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a chur san áireamh go forleathan, i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche. Ba mhaith linn aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas:

– Ba cheart go mbeadh sainmhíniú ann ar bhreoslaí inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, molaimid liosta na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha a leathnú chun bithbhreoslaí a áireamh, lena n-áirítear na bithbhreoslaí sin a úsáidtear san earnáil iompair, mar fhoinse fuinnimh lena soláthraítear coigilteas ard astaíochtaí agus lenar féidir rannchuidiú go mór leis an dícharbónú.

– Molann an Iodáil tagairt a dhéanamh don chatagóir 'teicneolaíochtaí eangaí' in ionad 'teicneolaíochtaí eangaí leictreachais', chun an raon feidhme a leathnú chun teicneolaíochtaí le haghaidh líonraí gáis agus teicneolaíochtaí gaolmhara a áireamh.

– Is cosúil go mb'iomchuí gníomhaíochtaí maidir le comhtháthú teicneolaíochta glan-nialasacha a ionchorprú i dtáirgí casta (e.g. longa) a chumhdach leis an Rialachán freisin.

– Is díol sásaimh don Iodáil gur cuireadh teicneolaíochtaí tionsclaíocha claochlaitheacha agus próisis thionsclaíocha chlaochlaitheacha san áireamh, agus gur leathnaíodh raon feidhme an Rialacháin chun a gcur chun feidhme agus a suiteáil a áireamh ar láithreáin astaíochtaí ísle atá ann cheana agus ar láithreáin nua íseal-astaíochta. Tá ról tábhachtach acu sin in aistriú na dtionscal dianfhuinnimh.

– Ba mhaith leis an Iodáil freisin go ndéanfaí ardteicneolaíochtaí monaraíochta le haghaidh ciorclaíochta agus próiseála ábhar a mheas agus, chun an cás tionsclaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dramhaíl a phróiseáil go díreach, molann sí tagairt shainráite don athchúrsáil cheimiceach a chur leis an téacs.

**III. Toilleadh insteallta $CO_2$**

Is díol sásaimh don Iodáil an fócas sonrach ar an teicneolaíocht thábhachtach sin, agus aitheantas á thabhairt don acmhainneacht atá inti mar spreagadh don dícharbónú, agus measann sí go bhfuil sé réasúnta an sprioc a ráthú trí bhíthin oibleagáid ar tháirgeoirí ola agus gáis, dá bhforáiltear sa téacs go dtí seo.

Mar sin féin, ba cheart foráil a dhéanamh do mhaolú i ndáil le huainiú na spriocanna bliantúla acmhainneachta insteallta a bhaint amach mar gheall ar *force majeure*.

Ina theannta sin, chuir an Iodáil i bhfios go láidir gur cheart comhlíonadh sprioc acmhainneachta insteallta an Aontais a aithint go comhsheasmhach le forálacha iomchuí maidir le tionscadail stórála GSC (gabháil agus stóráil carbóin) arna bhforbairt i gcomhthéacs comhfhiontair lena mbaineann daoine ar ceadúnaithe agus daoine nach ceadúnaithe iad. Chun a rannchuidiú aonair leis an sprioc uile-Aontais 50 Mt de thoilleadh insteallta $CO_2$ a bhaint amach, ba cheart foráil a dhéanamh gur cheart do chuideachtaí atá faoi réir na ranníocaíochta a bheith in ann an toilleadh insteallta a chomhfhreagraíonn do na scaireanna atá i seilbh eintitis eile atá páirteach i dtionscadal stórála (agus nach bhfuil faoi réir na ranníocaíochta aonair) a áireamh.

Ar deireadh, tagraíonn an Rialachán do láithreáin táirgthe atá 'díchoimisiúnaithe nó á ndíchoimisiúnú', ach b'iomchuí labhairt faoi 'ídithe nó ag éirí ídithe'. Go deimhin, is éard atá i gceist le 'díchoimisiúnú' láithreáin na saoráidí atá ann cheana a bhaint, ach i gcás ina ndéantar láithreáin a thiontú chun $CO_2$ a stóráil, is féidir saoráidí áirithe a oiriúnú agus a úsáid dá bhrí sin.

**IV. Rochtain ar mhargaí**

I gcás na caibidle maidir le rochtain ar an margadh, tacaíonn an Iodáil leis an gcuspóir ginearálta acmhainní poiblí a dhíriú ar cheannacháin 'Déanta san Eoraip', arna chur chun cinn trí fhorálacha maidir le nósanna imeachta soláthair agus ceantanna le haghaidh foinsí in-athnuaite, lena ndéantar foráil, sa bhreis ar chritéir maidir le praghsanna, maidir le sásraí luaíochta trí chritéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta a thabhairt isteach.

Mar sin féin, measann an Iodáil go bhfuil an chaibidil mar a ceapadh í casta agus deacair a chur i bhfeidhm.

Go háirithe, maidir le ceantanna le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, molaimid, i gcás an chlásail cosanta, lena gceadaítear don Bhallstát tairiscint a mheas a bheith díréireach, go ngluaisfidh an tairseach sa treo eile, le luachanna níos ísle ag an tús, a d'fhéadfaí a mhéadú ina dhiaidh sin.

Mar chéad chéim, go dtí go mbunófar agus go neartófar tionscal na hEorpa, ba cheart an luach a bheith íseal (mar shampla, d'fhéadfaí é a shocrú ag 5 %) chun méaduithe iomarcacha ar phraghas na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a chosc, agus go dtí níos déanaí, a luaithe a bheidh tionscal na hEorpa in ann forbairt, is féidir é a dhreasú le luach níos airde (e.g. 15 %).'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBULGÁIR, ÓN gCRÓIT, Ó PHOBLACHT NA SEICE, ÓN UNGÁIR, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓVAIC AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Meabhraítear don Bhulgáir, don Chróit, do Phoblacht na Seice, don Ungáir, don Fhrainc, don Pholainn, don Rómáin, don tSlóvaic agus don tSlóivéin a thábhachtaí atá prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus ceart ceannasach na mBallstát a meascán fuinnimh a chinneadh. I ndáil leis an méid sin, leagann siad béim ar an ngá atá ann na prionsabail agus na cearta sin a urramú go cuí agus a chur san áireamh go hiomlán i mbeartais Eorpacha. Ag athdhearbhú dóibh gur dlúthchuid de straitéis aistrithe fuinnimh na hEorpa iad teicneolaíochtaí núicléacha, is díol sásaimh dóibh go n-áirítear in Airteagal 3b teicneolaíocht eamhnaithe núicléach, lena n-áirítear timthriall an bhreosla, mar chomhlánú ar na teicneolaíochtaí eile saor ó iontaise is gá chun cuspóirí aeráide agus slándála fuinnimh an Aontais a bhaint amach.

Ag tabhairt dá n-aire nach ndéanann liosta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha in Airteagal 3b(1) réamhbhreith ar leithdháileadh chistiú an Aontais, cuireann siad in iúl go bhfuil feidhm fós ag na rialacha agus ag na nósanna imeachta a bhaineann le maoiniú agus na forálacha sin á gcur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is féidir leanúint de na teicneolaíochtaí sin go léir a mheas, agus leanfar de sin, chun rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas, lena n-áirítear le haghaidh tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta.'

| | |
|---|---|
| <u>**Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':**</u> | **Conclúidí maidir le tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta i gceapadh beartas**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith le gealltanais agus prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, déanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú mar thagairt do 'gnéas' sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú*.

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le 'Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025', dá dtagraítear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú*, gur cheart an teachtaireacht sin a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| <u>**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'B':**</u> | **Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 182(5) agus Airteagal 292, an chéad abairt agus an dara habairt, CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith le gealltanais agus prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, déanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú mar thagairt do 'gnéas' sa *Mholadh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip.*

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le 'Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025', dá dtagraítear sa *Mholadh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip*, gur cheart an teachtaireacht sin a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'